An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Feithicle

Carranna & Jipeanna

Réamhrá

Do mhórchuid na ndaoine, is é ár gcarr an dara ceannach is mó a dhéanann muid i gcoitinne agus tá sé tábhachtach mar sin do chuid infheistíochta a chosaint trí é a choinneáil slán agus daingnithe.

Ar an meán, goidtear os cionn 10,000 feithicil in Éirinn gach bliain. Aisghabhtar a bhformhór acu siúd, cé go mbíonn damáiste déanta dóibh in go leor cásanna, ach ní aisghabhtar cuid acu choíche ná go deo. Baineann figiúr mar an gcéanna le gadaíocht ó fheicithlí.

Páirceáil in áiteanna poiblí

Is coir choitianta í gadaíocht ó charranna agus ó fheithiclí in Éirinn inniu. Go hidéalach, ba cheart **gan maoin a fhágáil gan freastal i gcarranna ná i bhfeithiclí eile.** Más gá duit é, áfach, coinnigh an méid seo a leanas ar intinn agat -

- Cinntigh go bhfuil na fuinneoga agus na doirse ar fad faoi ghlas
- Cinntigh go bhfuil d'aláram / baic dúisithe curtha ar siúl
- Ná fágtar maoin ar radharc taobh istigh de d'fheithicil.

- Ná fágtar airgead tirim, cártaí creidmheasa/dochair, seicleabhair nó earraí luachmhara eile taobh istigh de d'fheithicil
- Na fágtar cáipéisí pearsanta (ceadúnas tiomána, deimhniú árachais, billí fóntais, ráitis bainc agus mar sin de) mar is féidir leis seo gadaíocht aitheantais a éascú nó is féidir leis coirpigh a thabhairt go dtí do sheoladh baile.
- Bí cúramach ach go hairithe le ríomhairí glúine, fóin póca agus earraí beaga leictreonacha mar d'fhéadfadh na sonraí atá iontu a bheith tarraingteach do ghadaithe
- Ná leagtar maoin faoi bhun an tsuíocháin – ní háit daingnithe í agus is minic a fheictear í.
- Más gá duit maoin a stórail i d'fheithicil, cuir isteach san ionad bagáiste í ach déan é in áit eile seachas san áit atá i gceist agat a pháirceáil.
- Seachain a bheith ag páirceáil in aiteanna iarghúlta agus san oíche páirceáil in áit atá soilsithe go maith
- Déan machnamh ar do scáthán sciatháin a aistharraingt, áit gur féidir é, chomh chomhréidh agus is féidir do na doirse chun damáiste coiriúil a sheachaint

Páirceáil sa bhaile

Baineann na moltaí thuas go cothrom nuair a pháirceáleann tú sa bhaile. Má tá garáiste agat, páirceáil d'fheithicil taobh istigh de, agus coinnigh do gharáiste faoi ghlas.

Tiomáint

Nuair a bhíonn tú ag tiomáint, bí san airdeall maidir leis an méid atá mórthimpeall ort.

- Coinnigh na doirse agus na fuinneoga ar fad faoi ghlas.
- Coinnigh earraí luachmhara as radharc – ná fágtar málaí cáipéisí, málaí láimhe ná cotaí agus mar sin de ar radharc oscailte.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Gléasanna Slándála

Baic dúisithe agus Aláraim -

Tá an chuid is mó de na carranna nua-aimseartha feistithe le bac dúisithe agus aláraim. Muna bhfuil bac dúisithe agat, déan machnamh ar cheann a fheistiú.

Gléasamma Meicníocha Glasála

Tá éagsúlacht gléasanna glasála le fáil a bhfeistíonn ar agus/ nó timpeall rothaí stiúrtha, maide giar, coscáin/crag nó troitheán agus araile. Cuidíonn siad seo le gadaíocht feithicle a dhíspreagadh.
Tá cnónna peitril inghlasailte tar éis a bheith éifeachtach i gcoinne gadaíocht rothaí, rotha cóimhiotail ard-luach ach go háirithe. Tá caipíní peitril inghlasailte ar fáil freisin.

Córais Rianaithe -

Is mór go deo a chuidíonn úsáid córais rianaithe le feithiclí a aisghabháil a bhí goidte, go hiondúil taobh istigh d'uaireanta a' chloig dá gcuid gadaíochta.

Eitseáil

Ba cheart do gach dromchla gloine - scáthfuinneoige, fuinneoig ar gcúl, fuinneoga taoibhe agus tul-lampaí – cláruimhir do charr a bheith éitseailte orthu. Is féidir leis seo gadaithe a dhíspreagadh mar gheall ar go ndéanann sé níos deacra agus níos costaisí é chun an fheithicil a dhíol nó a aslódail. Is smaoineamh maith é greamaitheoir beag a chur ar na fuinneoga chun a thaispeáint go bhfuil na dromchlaí gloine tar éis a bheith eitseáilte.

Eochracha

Is deacair carranna nua-aimseartha a ghoideadh gan eochracha.

- Nuair a fhágann tú do charr, fiú amháin ar feadh achair ghearr, ná fágtar na heochracha san adhaint. Baineann sé seo le ceantair poiblí agus príobháideacha araon lena n-áirítear do chabhsán, ag stáisiún líonta, siopaí agus mar sin de.
- Ná fágtar na heochracha cairr ar radharc oscailte ar bhoird cistine nó halla, lic na fuinneoige, barr cúntair nó ar chrúca balla agus mar sin de go háirithe taobh istigh de raon den thuldhoras. Níl sé comónta do ghadaithe na heochracha a bhaint as ag baint úsáide as 'slat iascaireachta' nó a leithéid de rud trí bhosca litreach.
- Ag am luí, tabhair na heochracha in éindí leat muna bhfuil aon áit eile daingnithe agat ach cuimhnigh air seo, má chuirtear dúshlán fút, go bhfuil do sháb-háilteacht phearsanta, agus sábhabháilteacht do chlainne, níos tábhachtaí ná a bheith ag cosaint do charr.
- Ná cuir lipéad le do fháinne eochrach, rud a thaispeánann d'ainm agus do sheoladh.
- **Cuimhnigh air seo –** má fhágann tú do chuid eochracha trí thimpiste i bhfeithicil gan freastal b'fhéidir go gcomhréiteoidh sé do chuid chlúdach árachais.

Treallamh Loingseoireacht Satailíte (Loing Sat)

Bíonn Loing Sat ag fáil an-choitianta ar fad agus mar thoradh air seo bíonn siad á ndíriú ag gadaithe. Is féidir leis na treoirlínte seo a leanas cuidiú leis an mbaol atá ar do chuid treallimh a laghdú ó bheith goidte -

- Seachain Loing Sat iniompartha a fhágáil i d'fheithicil
- Tabhair leat iad nuair a fhágann tú do charr lena n-áirítrear tacaíocht cliabháin agus peadanna súcháin
- Glantar aon marcanna pead sucháin ar shiúl a fhágtar ar bpainéal nó ar an ngaothscáth
- Cuirtear marc slándála ar do Loing Sat mar aon le cláruimhir d'fheithicle
- Ná cláraigh do Loing Sat go bhfuil tú sa bhaile

Carr-fhuadach

Níl a leithéid de choir mar 'carr-fhuadach' ann. Baineann an téarma go coitianta le cásanna san áit bhfuil tiománaithe curtha as a gcuid feithiclí le forneart agus áit a ghoidtear a gcarr. I roinnt cásanna, tá gadaithe tar éis airgead a éileamh ó úinéirí d'fhilleadh a gcuid feithiclí. Is annamh é minicíocht de 'charr-fhuadach' in Éirinn; áfach, tarlaíonn siad agus ba cheart do dhuine a bheith airdeallach ar gach uairibh.

- Bí san aideall ar an méid atá mórthimpeall ort agus ar dhaoine atá ag déanamh ar d'fheithicil.
- Coinnigh do dhoirse faoi ghlas agus na fuinneoga dúnta.
- Más féidir, seachain sráideanna agus bóithre ciúine, go háirithe tar éis an dorchadais.
- Nuair a bhíonn tú stoptha i dtrácht, fág áit idir tú féin agus an fheithicil atá chun tosaigh ort chun éalú éigeandála a éascú. Seachain a bheith 'sáinnaithe'.

Cuimhnigh air seo – Is cuma cé chomh luachmhar is atá carr, ní fiú an riosca a bhaineann le díobháil tromchúiseach.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

Cumann Thionscal Mótar na hÉireann
www.simi.ie